3. An bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42/EC go mbeidh plean nó clár, nach bhfuil ceangailteach ann féin ach atá beartaithe go sonrach i bplean forbartha reachtúil atá ceangailteach, nó lena moltar nó lena beartaítear i ndáiríre modhnú ar phlean a bhí faoi réir measúnú comhshaoil straitéiseach, curtha san áireamh sa choincheap "pleananna agus cláir… a fhorbraítear le haghaidh earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta, an iascaigh, an fhuinnimh, an tionscail, an iompair, an bhainistithe dramhaíola, an bhainistithe uisce, na teileachumarsáide, na turasóireachta, na pleanála uirbí agus na tuaithe nó na húsáide talún agus lena leagfar síos an creat le haghaidh tionscadail atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 85/337/CEE (2) …" [aistriúchán neamhoifigiúil].

4. An bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/EU (3) cosc a chur ar an údarás inniúil aird a thabhairt ar bheartais rialtais éigeantacha i bpróiséas measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, go háirithe iad siúd nach bhfuil bunaithe ar chritéir chomhshaoil amháin, agus iad ina mbeartais a shainíonn cásanna in imthosca áirithe nach bhfuil sé le cur as an áireamh iontu go dtabharfar cead.

(1) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001, maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO 2001 L 197, lch. 30).

(2) Treoir ón gComhairle, an 27 Meitheamh 1985, maidir le measúnú ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 1985, L 175, lch. 40).

(3) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Noord-Holland, ina shuí in Haarlem (an Ísiltír) a taisceadh an 11 Eanáir 2022 – PR Pet BV v Inspecteur van de Belastingdienst/Douane, kantoor Eindhoven

**(Cás C-24/22)**

(2022/C 158/07)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Noord-Holland, ina shuí in Haarlem

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* PR Pet BV

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst/Douane, kantoor Eindhoven

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcaithfear ceannteideal AC 9403 a léirmhíniú sa chaoi nach dtagann poist scríobtha do chait, comhdhéanta de hábhair éagsúla, a mbeartaítear dóibh iad a chur ar an talamh i seomraí (tí) agus iad a fhágáil ann ionas gur féidir le cait iad a dhreapadh, suí orthu, luí orthu agus iad a scríobadh, faoin gceannteideal AC sin mar is de chineál éagsúil iad de réir bhrí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1229/2013 (1) an 28 Samhain 2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 350/2014 (2) an 3 Aibreán 2014? Más cineál éagsúil atá ann a chuireann bac ar aicmiú faoi cheannteideal AC 9403, conas a dhéantar an cineál éagsúil sin a idirdhealú?

2. An bhfuil aon impleachtaí ag an bhfreagra ar cheist 1 ar bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1229/2013 an 28 Samhain 2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 350/2014 an 3 Aibreán 2014?

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1229/2013 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2013 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO 2013 L 322, lch. 8).

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 350/2014 an 3 Aibreán 2014 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO 2014 L 104, lch. 4).